

# SIAMSÁN SA MBAILE!

## Oideas: Taos Súgartha

(Tabhair faoi deara nach féidir agus nár cheart an taos seo a ithe)

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Comórtas: Seo oideas le Taos Súgartha a dhéanamh. Nuair atá an Taos Súgartha réitithe (ag an bpáiste féin nó ag thuismitheoir agus páiste), is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: [eolas@tuismitheoiri.ie](mailto:eolas@tuismitheoiri.ie).

Roghnófar buaiteoir ar an gCéadaoin 1 Aibreán mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

**An Duais:** Dearbhán €40 dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

### Ábhar

250g plúr bán

50g salann

140ml uisce

2 spúnóg bhoird ola

Cúpla braon dathúchán bia (roghnach)

### Modh

1. Measc an plúr agus an salann le chéile i mbabhla mór. Doirt an t-uisce isteach de réir a chéile.
2. Doirt isteach an ola.
3. Déan an taos a fhuineadh go dtí go mbeidh sé bog, ag cur níos mó uisce nó plúr leis ag brath ar an uigeacht. Ba cheart go mbeadh sé mín ach gan a bheith greamaitheach.
4. Cuir cúpla braon den dathúchán bia leis agus déan an taos a fhuineadh go dtí go mbeidh an dath measctha tríd an taos.
5. Coinnigh an taos i mála plaisteach sa chuisneoir.

Cuir an t-eolas seo leis an bpictiúr:

'TIO (FAIMID  
SLÁN'

# 'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Seolfar na duaiseanna amach sa phost tar éis an 29 Márta. Beifear i dteagmháil tríd an seoladh ríomhphoist sa chás is go dtiocfaidh aon athrú ar an dáta seo. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí  
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,  
Oidhreacht agus Gaeltachta  
Department of Culture,  
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta